# Bileog Oibre: Treoracha tasc margaíochta bia




**Congratulations! Comhghairdeas!** Tá post nua agat: Is tusa an príomhstiúrthóir margaíochta do chomhlacht bia Éireannach a bhfuil gealladh faoi. Tá do chomhlacht díreach tar éis sneaiceanna blasta nua bunaithe ar phrátaí (criospaí) a fhorbairt i raon blasanna éagsúla. Creideann úinéir an chomhlachta go mbeidh níos mó seans ann go gceannóidh daoine na criospaí má cheapann siad go bhfuil siad sláintiúil. Níl sa táirge ach paicéad traidisiúnta criospaí i ndáiríre, áfach.

Tá an comhlacht ag iarraidh a lán airgid a thuilleamh tríd an táirge seo a chur chun cinn mar sneaic atá **“áisiúil ach sláintiúil’’**.

## Seo tuilleadh eolais faoin sneaic:

- Comhábhair: Prátaí, ola lus na gréine, salann lachtós (bainne), siúcra, úsc giosta, siúcra, púdar oinniúin, rialaitheoirí aigéadachta: aigéad citreach, blasóir nádúrtha*, dathanna (úsc tuirmirice), ola ráibe. (Is iad seo na comhábhair a bhíonn i bpaicéad criospaí de ghnáth.)
- In Éirinn a fhástar na prátaí a úsáidtear.
- Salann in aghaidh an mhála = 1g. (Níor cheart go mbeadh níos mó ná 6g salann againn gach lá. Mheasfaí go bhfuil a lán salainn ann má tá 1g salann ann in aghaidh an mhála.)

*Braitheann comhábhair bhlaistithe ar an mblas (m.sh., salann agus fínéagar, sillí spíosrach srl.)

**Do Thasc:**

Ní mór duit imlíne a dhéanamh ar **phlean margaíochta** do na criospaí nua seo. Ní mór duit a chur ina luí ar dhaoine go bhfuil an táirge seo **“sláintiúil ach áisiúil”**.

**Áirítear le margaíocht:** an táirge a dhéanamh tarraingteach, pacáistiú agus lipéadú tarraingteach a dhearadh (lena n-áirítear cúpla maíomh faoin gcothú), tacaíocht a fháil ó dhaoine cáiliúla, fógraíocht, caidreamh a chothú le custaiméirí (m.sh., na meáin shóisialta), siopaí a íoc chun spás feiceálach a fháil ar sheilfeanna, a chinntiú go bhfuil praghas an táirge ceart, srl.